**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*
## *Gnáthleibhéal*
## *Roinn A (60 marc)*

**Dé Céadaoin, 18 Meitheamh**
**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**
ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

| | |
|---|---|
| **ROINN A** | • Cuirtear ceithre cheist i láthair.<br>• Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.<br>• Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A. |
| **ROINN B** | • Cuirtear trí cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B. |
| **ROINN C** | • Cuirtear cúig cheist i láthair.<br>• Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.<br>• Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C. |

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

**Scrúduimhir:** ____________

## ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.


**A-1.** Sa ghrafaic 3D thíos, taispeántar péire fáinní cluaise atá bunaithe ar chruthanna éilipseacha.

Taispeánann an líníocht ar dheis mór-ais agus mion-ais an éilips.
Tá cuid den chuar tarraingthe cheana féin.

**(a)** Aimsigh na pointí eile ar an gcuar agus tarraing an t-éilips.

**(b)** Aimsigh pointí fócais an éilips.






**A-3.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar bréagáin atá i gcruth sféar agus cóin.

Taispeánann an líníocht ar dheis ingearchló chón **A** agus dhá sféar, **B** agus **C**. Tá na trí sholad go léir ina luí ar an bplána cothrománach agus iad i dteagmháil lena chéile.
Taispeántar bonnchló chón **A** freisin.

**(a)** Tarraing bonnchló sféar **B**.

**(b)** Tarraing bonnchló sféar **C**.







**A-2.** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar cuid amháin de thram *Luas*. Taispeántar ar dheis an bonnchló, an t-ingearchló agus an taobhchló d'imlíne an tram. Níl an taobhchló críochnaithe.

**(a)** Críochnaigh taobhchló an tram.

**(b)** Tarraing an taobhchló de chónascaire an tsoláthair chumhachta ar bharr an tram.







**A-4.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar an lógó "MELBOURNE" a bhí ar taispeáint ar chlár fógraí le linn chraobhchomórtas leadóige an *Australian Open*.
Tá an lógó deartha le bheith cosúil le leathanaigh as leabhar.

Sa líníocht thíos, nach bhfuil críochnaithe, taispeántar conas a úsáideadh dhá phointe téaltaithe chun an lógó a thógáil.

Críochnaigh an líníocht.





**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**

**Is cuid de Roinn C an léarscáil chomh-airde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.**

*(Scála 1:1000)*



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2014*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn B agus Roinn C (180 marc)*

**Dé Céadaoin, 18 Meitheamh**

**Tráthnóna, 2:00 - 5:00**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**

- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**

- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**

- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**


- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do scrúduimhir sa bhosca atá tugtha ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B - Croíréimsí Staidéir

Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

**B-1.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar buidéal lóise.

I bhFíor B-1 thíos taispeántar teilgean isiméadrach neamhchríochnaithe den bhuidéal. Taispeántar freisin ingearchló agus bonnchló an bhuidéil ina suíomhanna riachtanacha.




**(a)** Tarraing an triantán comhshleasach **abc** a thugtar agus na haiseanna aismhéadracha **X**, **Y**, agus **Z**.

**(b)** Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló agus iad suite mar a thaispeántar.

**(c)** Tarraing teilgean aismhéadrach an phriosma dhronuilleogaigh a sheasann do chabhail an bhuidéil.

**(d)** Tarraing teilgean aismhéadrach an chlaibín leathchiorclaigh.

**Scála 1:1**





**Fíor B-1**

**B-2.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar struchtúr i bhfoirm priosma dhronuilleogaigh. Tá tollán gearrtha tríd an struchtúr chun slí a dhéanamh do mhótarbhealach, mar a thaispeántar.


I bhFíor B-2 thíos taispeántar bonnchló agus ingearchló neamhchríochnaithe an struchtúir.

**(a)** Tarraing bonnchló agus ingearchló an struchtúir agus an tolláin a thugtar agus taispeáin na línte idirthreáite go léir.

**(b)** Tarraing taobhchló an struchtúir.



**Scála 1:1**




**Fíor B-2**

**B-3.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar imlíne de theach agus de ghrianán.


I bhFíor B-3 thíos taispeántar cló isiméadrach den struchtúr.


**(a)** Tarraing ingearchló den struchtúir ag breathnú sa treo ina bhfuil an tsaighead.

**(b)** Teilg bonnchló ón ingearchló.

**(c)** Tarraing ingearchló cúnta ***den struchtúr***, agus é teilgthe ón mbonnchló, a mbeidh fíorchruth an dromchla **A** san áireamh ann.

**Scála 1:1**






**Fíor B-3**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu)
as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

## Céimseata Gheolaíoch

**C-1.** Sa léarscáil atá leis seo agus atá ar fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar comhrianta talún agus iad 5 mhéadar ó chéile go ceartingearach.

**(a)** Ar an líníocht a thugtar duit, tarraing gearradh ceartingearach (próifíl) ar an líne **AB**.

**(b)** Is pointí freagartha (lomáin) iad **C**, **D** agus **E** ar dhromchla stratam méine.
Aimsigh treoíocht agus claonas an strataim.

**Scála 1:1000**

# Foirmeacha Struchtúracha

**C-2.** Sa ghrafaic ar dheis taispeántar seinnteoir ilmheán chun teilifís a shruthú thar an Idirlíon.

Tá an cruth hipearbólóideach parabólóideach ar bharr an aonaid deartha chun cosc a chur ar úsáideoirí rudaí a fhágáil air.


I bhFíor C-2 taispeántar teilgin dromchla hipearbólóideach parabólóideach tipiciúil, **ABCD**, atá dronuilleogach sa bhonnchló.



**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló den dromchla hipearbólóideach parabólóideach a thugtar.

**(b)** Teilg taobhchló den dromchla hipearbólóideach parabólóideach.

**Scála 1:1**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Sa ghrafaic 3D ar dheis taispeántar taca cinn do charr spóirt. Tá an taca cinn clúdaithe le leathar.


I bhFíor C-3 thíos, taispeántar teilgin an taca cinn.

**(a)** Tarraing na clónna a thugtar.

**(b)** Tarraing forbairt dromchla aonphíosa den clúdach leathair don taca cinn.


**Scála 1:1**






**Fíor C-3**

**C-4.** **(a)** Is minic a bhíonn Loine, mar an ceann a thaispeántar sa ghrafaic 3D ar dheis, le fáil i meaisíní.




Is léaráid líneach í Fíor C-4(a) thíos de mheicníocht loine ina bhfuil cromán agus nasc-shlat agus iad ceangailte le chéile le pionna ag **P**.

Rothlaíonn an cromán **OP** ar tuathal timpeall ar **O**, mar a thaispeántar, ar feadh aon chasadh amháin agus gluaiseann pointe **R**, atá ag foirceann na nasc-shlaite, ar feadh na haise cothrománaí.

Breac lócas phointe **Q** sa ghluaiseacht seo.

**Scála 1:1**




**Fíor C-4(a)**


**(b)** Sa ghrafaic 3D thíos taispeántar dealbhóireacht héiliciúil a nochtadh i nGarraithe Náisiúnta na Lus i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2013 chun fionnachtain DNA ag an Dr James Watson, eolaí de shliocht Éireannach, seasca bliain roimhe sin a chomóradh.

I bhFíor C-4(b) ar dheis taispeántar teilgin héilics neamhchríochnaithe.

Gluaiseann an héilics ó phointe **S** go pointe **T** in aon imrothlú amháin. Tarraing teilgin an tsorcóra agus críochnaigh ingearchló an héilics.

**Scála 1:1**






**Fíor C-4(b)**

# Cóimeálacha

**C-5.** I bhFíor C-5 thíos, tugtar mionsonraí Meicníocht Nascóra ar tharracóir bréagáin a thaispeántar ar dheis.


Tugtar freisin liosta páirteanna agus grafaic 3D de na páirteanna.

Tarraing ingearchló na Meicníochta Nascóra agus í cóimeáilte.

*(Is féidir meastachán a dhéanamh ar aon toise atá fágtha ar lár.)*





**Scála 1:1**




**Fíor C-5**

| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Brac Tarracóra | 1 |
| 2 | Nascóir Leantóra | 1 |
| 3 | Pionna Ceangail | 1 |



Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán